Commission for
Communications Regulation

Páipéar Comhairleach

# Ráiteas Straitéise (2008-2010)

| | |
|---|---|
| **Doiciméad Uimh:** | **07/104** |
| **Dáta:** | **17ú Nollaig, 2007** |

## Clár


1. Réamhfhocal [ón gCathaoirleach] ........ 3
2. Misean, Luachanna, Fís ........ 4
3. Anailís Imshaoil ........ 6
4. Ard-Spriocanna ........ 10
5. Cuspóirí - Tomhaltóirí ........ 12
6. Cuspóirí – Iomaíocht ........ 15
7. Cuspóirí - Nuálaíocht ........ 18
8. Cuspóirí - Eagraíocht ........ 21

Aguisín A – Liosta na bhFreagróirí ar an Dréacht Ráiteas Straitéise ........ 24

Aguisín B – Liosta Giorrachán ........ 25

## 1. Réamhfhocal [ón gCathaoirleach]

Tá ComReg an-sásta an Ráiteas Straitéise seo d'earnáil na cumarsáide leictreonaí don tréimhse 2008-2010 a fhoilsiú de réir mar a fhoráiltear faoin Acht um Rialáil Cumarsáide 2002, tar éis dúinn dul i gcomhairle leis an bpobal ar ábhar an Dréacht Ráiteas Straitéise.

Is éard atá sa tríú Ráiteas Straitéise seo ná doiciméad a chaitheann súil i dtreo na todhchaí agus a oibríonn mar fhrámaíocht le haghaidh gníomhaíocht na heagraíochta don tréimhse 2008-2010. Leagtar amach anseo plean trí bhlaina ChomReg chun tosaíochtaí fíor-thábhachtacha a chur i gcrích agus mar chúltaca leis tá an Plean Gníomhaíochta Bliantúil leis na tosaíochtaí agus na frámaí ama atá curtha romhainn againn.

Agus an plean seo á chur le chéile againn, d'aithníomar go mba chóir go léireodh an Ráiteas Straitéise an ról agus an hoibleagáidí atá ar ChomReg faoin reachtaíocht. Ba cheart an tsolúbthacht a chaomhnú agus tabhairt faoi dhúshláin an imshaoil dhinimiciúil oibre atá timpeall orainn. Beidh claonadh mór chun athruithe san earnáil i rith na tréimhse seo. Tá na forbairtí nua ann ar nós Líonraí na Céad Glúine Eile (LCGE); tá teicneolaíochtaí, ardáin, feidhmiúcháin agus margaí ag teacht le chéile; tá na tograí ann i gcomhair deighilte ar cheachtar an dá leibhéal, ag an AE agus ag Eircom; tá dúshláin ag teacht ó na hathbhreithnithe ar líon agus ar raon na margaí atá faoi rialáil againn agus ó na hathbhreithnithe atá á ndéanamh ar an gcúltaca i bhfrámaíocht na hEorpa féin.

Sa Ráiteas Straitéise seo leagtar amach an fhís atá ag ComReg maidir le dul chun cinn na heagraíochta le haghaidh na dtrí bhliana atá le teacht. Is cuid bhunúsach de rath eacnamaíoch in Éirinn sa todhchaí go mbainfear amach an leibhéal ceart rialála, leibhéal a bhéas riachtanach san iomaíocht inmharthana in earnáil na cumarsáide leictreonaí, earnáil atá chomh fuinniúil inti féin agus ag athrú chomh mear sin.

Níl sa Ráiteas Straitéise seo áfach ach cuid den dul i gcomhairle a bhéas ar siúl againn sna míonna atá romhainn. Tá sé beartaithe againn Ráitis ar leith a fhoilsiú ar an Straitéis Poist agus Speictrim don tréimhse 2008-2010.

**John Doherty**

**Cathaoirleach**
**An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide**

## 2. Misean, Luachanna, Fís

**MISEAN**

Tugann ComReg an cumas dúinn earnáil chumarsáide, inmharthana, iomaíoch agus diminiciúil a fhorbairt in Éirinn agus na húsáideoirí a chumhachtú chun roghanna ar bhonn faisnéise a dhéanamh.

**LUACHANNA**

- Ionracas
- Gairmiúlacht
- Neamhchlaontacht
- Éifeachtúlacht
- Trédhearcacht

**FÍS**

Baineann an fhís atá ag ComReg le haghaidh earnáil na cumarsáide leictreonaí le héascú na gcoinníollacha chun an iomaíocht a dhéanamh inmharthana, dinimiciúil agus nuálaíoch. Baineann sí freisin leis na húsáideoirí a chur ar an eolas ceart agus iad a chostaint mar ba chóir, chun go mbeadh teacht éasca acu ar a bhfuil de tháirgí agus de sheirbhísí ardchaighdeáin, nithe atá ag dul i líonmhaire i gcónaí.

Beidh ComReg ag cothú na nuálaíochta sna hardáin agus sna teicneolaíochtaí atá anois ag teacht le chéile, ag coinbhéirsiú, trí imshaol rialála tacúil intuartha a chruthú; an sórt imshaoil a neartaíonn an tionscal agus na geallshealbhóirí eile chun cinntí ar bhonn faisnéise a dhéanamh maidir le hinfheistíocht don todhchaí agus faoi rolladh amach agus faoi imdháileadh na dteicneolaíochtaí nua. Is féidir an fhís seo a thabhairt chun críche, mar is eagraíocht ghairmiúil nuálaíoch í ComReg a bhfuil clú mór uirthi mar bhunfhoinse shaineolais in earnáil na cumarsáide leictreonaí.

# 3. Anailís Imshaoil

## 3.1 Eacnamaíocht agus Imshaol

Tá eacnamaíocht na hÉireann ag fás i gcónaí ó chuir ComReg an Ráiteas Straitéise deireanach 2005-2007 amach.

Sa bhliain 2OO6 d'fhás an OTB 5.6%, agus mhéadaigh an OTN 6.5%[1]. Dealraíonn sé ó mheastacháin an CAI go leanfaidh an eacnamaíocht ag fás sa bhliain 2007, bíodh is gur ar ráta beagán níos lú[2] a fhásfaidh sí.

Ina ainneoin sin, tá aird tarraingthe ag dreamanna mar an ITES agus an Banc Ceannais ar nithe atá ag bagairt ar an acmhainn seo chun fáis. Dar leo bheadh baol ann go dtiocfadh laghdú ar an iomaíocht, go mbeadh rátaí úis agus an boilsciú ag ardú agus an dífhostaíocht ag méadú, go háirithe in earnáil na ngnólachtaí ilnáisiúnta.

Bhí borradh láidir faoi earnáil na TEC in Éirinn ó rinneadh scaoileadh ar na margaí agus ghineadh thart faoi €4.3 billiún aisti sa bhliain 2006.[3] Cé go bhfuil fás 2.9% tuartha ag RTEE i gcomhair an earnáil TEC san AE don bhliain 2007[4], ceaptar go mbeidh an fás in Éirinn beagán faoina bhun sin – thart faoi 2.7%.

Tá an deis le haghaidh tuilleadh fáis fós ann má ghlacann úsáideoirí agus gnóthaí beaga leis an leathanbhanda. Ag deireadh Mí Mheáin Fhómhair 2007 bhí thart faoi 790,000 ceangailte ar leathanbhanda. Ach sa tréimhse chéanna bhí thart faoi 380,000 eile ceangailte fós ar chaolbhanda. Beidh dúshlán láidir ann sa tréimhse roimh 2010 na húsáideoirí seo a mhealladh chun aistriú go dtí an leathanbhanda. Beidh dúshlán ann sa tréimhse chéanna líon an ríomhairí agus na fearais idirlín eile sna gnáth-theaghlaigh a mhéadú.

Ina sheal féin cuideoidh an leathanbhanda le seirbhísí comhlántacha eile cosúil le guthú thar leathanbhanda agus an cur tríd an bpost d'earraí a cheannaíodh ar an Idirlíon. Faoi láthair, de réir ECFE[5], cé gurb ionann iomlán an ioncaim ón nguthú domhanda agus thart faoi 70% d'ioncam iomlán na dtelecom, is éard is fearr atá á thuaradh do na soláthraithe ná buanseasmhacht éigin ioncaim ó na seirbhísí gutha, agus, i gcásanna áirithe, fiú amháin fíor-laghdú san ioncam ó na glaonna gutha. Tá na seirbhísí nua ann mar PGI, na teachtaireachtaí meandracha agus tá titim sna rátaí mórdhíola nó sna hidircheangail; tá an claonadh ag neartú chun scata seirbhísí a chuachadh le chéile ar phraghas socraithe roimh ré. B'fhéidir go n-imeodh an t-ioncam gutha go léir de bharr na n-athruithe seo ar fad. Má tharlaíonn seo cuirfear iallach ar na h-oibreoirí ioncam a lorg áiteanna eile, cur i gcás leathanbhanda seasmhach nó so-ghluaiste, TPI agus seirbhísí luach-bhreisithe eile nach iad.

---

1 Foinse: Feasachán Míosúil na Roinne Airgeadais, Meán Fómhair 2007
2 Preasráiteas ón Roinn Airgeadais, 25/09/2007, http://www.finance.gov.ie/viewdoc.asp?DocID=4654&CatID=1&StartDate=1+January+2007&m=n
3 Bunaithe ar shonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (POS), 28ú Márta 2007, http://www.cso.ie/releasespublications/documents/economy/current/qna.pdf
4 Réadlann Teicneolaíochta an Eolais san Eoraip (www.eito.org)
5 'Tuar Cumarsáide' ECFE 2007

B'fhéidir go dtiocfaidh comhdhlúthú níos mó ar an dtionscal as an dtóraíocht i ndiaidh na sruthanna nua ioncaim seo, de réir mar a bhíonn oibreoirí ag iarraidh scála agus deiseanna seirbhíse nua. cosúil le guth gluaiste, a chur lena gcuid seirbhísí cuachta. Ach, b'fhéidir go meallfadh an t-ard-éileamh ó thomhaltóirí i ndiaidh seirbhísí cuachta oibreoirí nua isteach sa tionscal agus oibreoirí neamh-traidisiúnta chun chumarsáid leictreonach a thairiscint.

## 3.2 Polaitiúil agus Reachtúil

Idir na blianta 2008 agus 2010 beidh ComReg ag obair i gcoinne chúlra mhóir shóinseála ó thaobh dlí agus rialáil de.

Tá frámaíocht rialála nua le haghaidh na cumarsáide leictreonaí le tabhairt isteach san AE faoi 2008 agus le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit faoi 2009-2010. Déanfaidh an t-athbhreithniú seo athchóiriú mór ar an rialáil, bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- Bainistíocht speictrim solúbtha
- Sruthlíniú ar athbhreithnithe margaidh
- Comhdhlúthú an mhargaidh inmheánaigh
- Cosaint úsáideoirí agus a gcearta a neartú
- An tslándáil a fheabhsú
- Forálacha seanchaite a bhaint amach

Freisin, tá ComReg ag feidhmiú faoi chumhachtaí nua as an Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) a tháinig i bhfórsa sa bhliain 2007.

## 3.3 Sóisialta

Tá athrú ábhalmhór tagtha ar shaol na hÉireann le blianta anuas faoi thionchar ráta aird an bheireatais agus inimirce ó thar lear. Sa deich mbliana idir 1996 agus 2006 chuaigh daonra na hÉireann ó 3.6m go dtí 4.2m. Tá curtha in iúl ag an Príomh-Oifig Staidrimh go bhfuiltear ag coinne go leanfaidh an fás seo go dtí 2021. Faon dáta sin is féidir go mbeidh 41% beagnach den daonra lonnaithe in Ollcheantar Bhaile Átha Cliath (OBÁC)[6]

Tá sé á thuaradh go leanfaidh an-infheistíocht i bhforbairt an bhonneagair. Mar chuid de seo tá na bóithre, soláthar an fhuinnimh, cumarsáid agus mar sin de. Ina sheal féin maolóidh seo ar aon mhoilliú i margadh na foirgníochta síos go dtí leibhéal a mheasfaí a bheith coitianta ar fud na hEorpa go léir.

## 3.4 Teicniúil

Oibríonn tionscal na cumarsáide leictreonaí i gcoinne chúlra de theicneolaíochtaí agus de chaighdeáin a bhíonn de shíor ag éabhlóid. Dá bhrí sin, tá dúshlán buan sa rialáil in imshaol den chineál seo. Cé go mbeadh sé do-dhéanta, le haon chruinneas, na fórsaí teicniúla go léir a dhéanfaidh tionscal na cumarsáide leictreonaí a stiúradh sa mheán- nó sa bhfadtéarma a aithint, mar sin féin tá dhá bhunfhórsa teicniúla á n-aithint anseo .i. an teacht-le-chéile (coinbhéirseacht) agus an rolladh amach de líonraí na céad glúine eile agus na rochtana.

[6] Clúdaíonn OBÁC na contaetha Baile Átha Cliath, Cill Dara, An Mhí agus Cill Mhantáin

Is dócha gurb í an choinbhéirseacht an fórsa teicniúil is minice a dhéanann tráchtairí tionsclaíocha tagairt dó. Is féidir soláthar trí fhearais aonair sheirbhísí gutha, idir seasmhach agus gluaiste teacht chun cinn as an gcoinbhéirseacht seo. Sa todhchaí, mar sin, bheadh úsáideoirí i n-ann teacht ar shiamsaíocht, ar riachtanais gnó agus sóisialta ar ghléasanna éagsúla agus ó iliomad ardán.

Beifear ag iarraidh cur le leithead an bhanda níos mó ná riamh de réir mar a bhíonn úsáid an leathanbhanda ag méadú agus feidhmchláir úra ag teacht chun cinn. Cuirfidh sin brú ollmhór ar na hardáin atá ann i láthair na huaire. Cuirfidh na feidhmchláir úra agus na hilmheáin éagsúla brú níos treise ná riamh ag iarraidh cumas an leathanbhanda a mhéadú. Tá a fhianaise seo soiléir cheana i dtíortha cosúil leis an tSeapáin agus an Chóiré.

## 4. Ard-Spriocanna

- Do chinntiú go dtugtar an t-eolas agus an chosaint ceart do na húsáideoirí go léir agus teacht éasca a bheith acu ar tháirgí agus ar sheirbhísí ar ardchaighdeán ar phraghas iomaíocha réasúnta.

- Do chruthú coinníollacha i gcomhair iomaíocht inmharthana, dinimiciúil agus nuálaíoch sna hearnálacha atá á rialáil againn, coinníollacha a thugann rogha d'úsáideoirí de tháirgí agus de sheirbhísí ar ardchaighdeán agus ar phraghsanna iomaíocha.

- Do chothú nuálaíocht sna hardáin agus sna teicneolaíochtaí coinbhéirseacha trí imshaol rialála tacúil intuartha a chruthú a thugann cumas don tionscal agus do gheallshealbhóirí eile cinntí a dhéanamh maidir le hinfheistíocht don todhchaí agus faoi rolladh amach agus imdháileadh na dteicneolaíochtaí nua.

- Do bheith mar eagraíocht ghairmiúil nuálaíoch a thuilleann clú mar fhoinse iomráiteach de shaineolas in earnáil na cumarsáide leictreonaí.

## 5. Cuspóirí - Tomhaltóirí

| |
|---|
| Do chinntiú go dtugtar an t-eolas agus an chosaint chuí do gach tomhaltóir ionas go mbeidh teacht éasca acu ar raon leathan de tháirgí agus de sheirbhísí d'ardchaighdeán ar phraghas iomaíoch. |

**Cuspóirí**

1. **Do chur faisnéis inrochtana, ábhartha ar fáil do thomhaltóirí na cumarsáide leictreonaí.**
   ***Straitéisí.***
   - Déantar sainmhíniú ar an bhfaisnéis a lorgaíonn na tomhaltóirí faoi na cheannteidil seo a leanas:
     - ***Na roghanna atá ag tomhaltóirí na cumarsáide leictreonaí***
       i. *Na táirgí, na seirbhísí agus an méid díobh atá ar fáil ag daoine le míchumais a chur san áireamh*
       ii. *Praghsanna*
       iii. *Aistriú*
     - ***Cearta agus teidlíochtaí áirithe an tomhaltóra maidir le, (cur i gcás);***
       i. *Seirbhís Uilíoch*
       ii. *Billeáil*
       iii. *Trédhearcacht Tairifí*
       iv. *Conarthaí*
       v. *Láimhseáil Gearán*
       vi. *Bunachar Sonraí an Eolaire Náisiúnta*
       vii. *Rochtain ar Sheirbhísí Práinne*
       viii. *Glaonna Margaíochta gan Iarraidh*
       ix. *Iniomparthacht Uimhreacha*
     - ***An Nua-Theicneolaíocht***
       Faisnéis a mhíníonn buntáistí na nua-teicneolaíochta
   - Úsáidtear mar léiriú ar riachtanais faisnéise an tomhaltóra: an taighde atá déanta ag ComReg féin; Na grúpaí fócais agus na suirbhéanna; An Painéal Comhairleach do Thomhaltóirí; an Fóram Míchumais agus an treoir as na teagmhálacha ar Líne Tomhaltóirí ChomReg
   - Scaiptear faisnéis trí mheáin éagsúla lena n-áirítear Treoracha do Thomhaltóirí, Láithreáin Gréasáin; Cláir For-Rochtana agus Feachtais Fógraíochta chun branda buan comhsheasmhach so-aitheanta a bhunú.
   - Bítear cinnte go mbíonn an fhaisnéis, ag freagairt don riachtanas, cruinn, tráthúil agus ar fáil go réidh.

2. **Do chinntiú go mbíonn rochtain in-acmhainne, áisiúil ag gach tomhaltóir ar bhun-sheirbhísí cumarsáide leictreonaí (seirbhís uilíoch).**
   ***Straitéisí***
   - Bunaítear spriocanna gnóthachain do sheachadadh sheirbhísí uilíocha
   - Déantar faire agus tuairisciú ar sheachadadh na seirbhísí sin
   - Déantar na spriocanna gnóthachain a fhorfheidhmiú, mar is gá
   - Déantar na riachtanais maidir le 'rochtain in-acmhainne' a athbhreithniú

3. **Do thacú agus do spreagadh feabhsuithe i gcaighdeán na seirbhíse do chustaiméirí agus in eispéireas coiteann na dtomhaltóirí in earnáil na cumarsáide**
   ***Straitéisí***
   - Déantar sástacht na dtomhaltóirí a fhaire agus fadhbanna bunaigh a aithint trí teagmhálacha agus trí shuirbhéanna.
   - Leagtar síos bun-riachtanais cuí i gcomhair oibreoirí údaraithe agus déantar deimhin de go dtugtar an chosaint cheart d'úsáideoirí má fhágann oibreoirí an margadh
   - Déantar tionscnaimh a fhorbairt le feabhas a chur a leagan amach na mbillí
   - Déantar deimhin de go mbíonn seirbhísí cumarsáide leictreonaí ar fáil do dhaoine le míchumais
   - Éilítear feabhsú leanúnach ar láimhseáil an oibreora ar ghearáin agus leantar d'fhaireachán agus d'fhoilsiú a dhéanamh ar fhadhbanna agus ar threochtaí a thuairiscítear
   - Leantar ag faire ar an úsáid a bhaintear as clár an scar-rogha i gcomhair custaiméirí le línte seasmhacha.

*4.* **Do Dhéileáil go héifeachtach le neamhghéilleadh oibreoirí**
   ***Straitéisí***
   - Déantaí bainistiú éifeachtach ar theagmhálacha idir thomhaltóirí agus ComReg, trí caidreamh a choinneáil le hoibreoirí d'fhonn réiteach a fháil ar ghearáin..
   - Tugtar aghaidh ar cheisteanna agus claonta tromchúiseacha a thuairiscítear go dtí ComReg trí ghéilliúlacht agus trí fhorfheidhmiú
   - Déantar faire ar chomhlíonadh a n-oibleagáidí ag na hoibreoirí i leith ceartas an dtomhaltóirí, mar shampla, i ndáil le:

     i. *Seirbhís Uilíoch*
     ii. *Billeáil*
     iii. *Trédhearcacht Tairifí*
     iv. *Conarthaí*
     v. *Láimhseáil Gearán*
     vi. *Bunachar Sonraí an Eolaire Náisiúnta*
     vii. *Rochtain ar Sheirbhísí Práinne*

viii. *Glaonna Margaíochta gan Iarraidh*
ix. *Iniomparthacht Uimhreacha*

- Déantar comhoibriú le comhlachtaí eile.(mar shampla, CNT, OCCS, ÚCFÉ, RegTel), trí comhaontuithe foirmiúla/neamhfhoirmiúla d'fhonn an reachtaíocht maidir le tomhaltóirí a úsáid go héifeachtach.

**Gnóthachan á Thomhas**

- Déantar fíorú ar inrochtaine, in-úsáidte, ábharthacht, agus tráthúlacht na faisnéise a thugtar do thomhaltóirí, trí chreidiúnú na gcaighdeán dea-chleachtais is fearr i gcomhair faisnéis a fhorbairt agus a chothabháil, lena n-áirítear Béarla Soiléir GNLA agus W-Mark
- Déantar na spriocanna gnóthachain i gcomhair OSU a fhoilsiú agus forfheidhmiú iomchuí a dhéanamh dá réir
- Déantar dea-chaighdeán i gcomhair leagan amach billí na gcustaiméirí teileachumarsáide a fhorbairt
- Féachtar chuige go ndéanfaidh oibreoirí láimhseáil níos fearr ar ghearáin na gcustaiméirí trí na modhanna a úsáideann siad a fhoilsiú
- Déantar gach fógra faoi shárú a fhoilsiú agus an gníomhú a dhéantar mar gheall air

## 6. Cuspóirí – Iomaíocht

| ***Ard-Sprioc*** |
|---|
| Do chruthú coinníollacha a ghineann iomaíocht inmharthana, dinimiciúil agus nuálaíoch sna hearnálacha atá faoi rialáil againn, agus a thugann rogha idir tháirgí agus seirbhísí d'ardchaighdeán d'úsáideoirí, ar phraghas iomaíoch réasúnta. |

### Cuspóirí

1. **Do chumasú iomaíocht éifeachtach, inmharthana i margadh na cumarsáide leictreonaí.**
   ***Straitéisí***
   - Cuirtear gach beart éifeachtach i bhfeidhm tar éis anailís a dhéanamh ar na margaí ábhartha.
   - Deimhnítear an rialáil chuí i ngach áit ábhartha d'fhonn iomaíocht éifeachtach a spreagadh,  de réir reachtaíocht na hEorpa agus na hÉireann.
   - Leantar d'éascú ar iomaíocht leathanbhanda tras-ardáin, ag áireamh speictream breise a sholáthar, agus próisis éifeachtacha DLÁ a sholáthar
   - Déantar faire agus deimhniú ar ghéilliúlacht leis na bearta leighis agus déantar forfheidhmiú más gá
   - Déantar an mhéadracht ar leibhéal na géilliúlachta a shocrú agus a thuairisciú, ag áireamh, cur i gcás, suirbhéanna sa tionscal, náisiúnta agus idirnáisiúnta; caighdeán na seirbhíse ón soláthraí OSU; méid na línte neamhchuachta, méid na línte cáblacha agus aistriú na dtomhaltóirí idir soláthraithe.
   - Déantar Comhaontuithe um Leibhéal Seirbhíse (CLSanna) a fhorbairt agus a fheidhmiú.
   - Leagtar síos na polasaithe cuí maidir le treoir agus rialáil, d'fhonn forbairt leanúnach na hiomaíochta a éascú, go háirithe sna limistéir dinimiciúla mar an scaradh feidhmiúil/struchtúrach agus Líonraí na Céad Glúine Eile (LCGL).

2. **Do dheimhniú, nuair is iomchuí, má tharlaíonn forlámhas in áit ar bith, go ndéantar táirgí mórdhíola 'oiriúnach don chuspóir' a sholáthar, ionas gur féidir leis an dtionscal tairiscintí miondhíola a dhéanamh.**
   ***Straitéisí***
   - Cuirtear sain-aithne ar na scroig-bhealaigh is tábhachtaí atá ró-chostasach le macasamhlú ach, mar sin féin, atá riachtanach i gcomhair seirbhíse teileachumarsáide
   - Ceadaítear an rochtain, ar théarmaí réasúnta, ar sheirbhísí ó líonraí atá ró-chostasach le macasamhlú
   - Deimhnítear gur rochtain gan idirdhealú a bhéas ann.

3. **Do lamháil an t-aistriú réidh idir oibreoirí ag úsáideoirí ar lorg na seirbhísí is rogha leo.**

***Straitéisí***

- Laghdaítear na hagaí tionscanta le haghaidh soláthair na seirbhísí mórdhíola
- Laghdaítear constaicí gan dealramh i gcoinne aistriú a dhéanamh, i gcomhar le comhlachtaí ábhartha eile
- Déantar faire agus tuairisciú ar shonraí an tionscail maidir le leibhéil an mhaistridh, ar aistrithe idir soláthraithe seirbhíse agus na huimhreacha a hiompraíodh chuig soláthraithe eile.

**4. Do spreagadh infheistíochta i líonraí agus in iomaíocht trí smachta rialála agus struchtúir praghsála cóir a sholáthar**

***Straitéisí***

- Ceadaítear do rannpháirtithe éifeachtacha sa tionscal ráta réasúnta ioncaim a thuilleamh
- Deimhnítear go lamháiltear corrlach réasúnta idir tháirgí miondhíola agus mórdhíola
- Deimhnítear go ndéantar an infheistíocht éifeachtach sa bhonneagar a uasmhéadú trí phraghsáil choibhneasta na dtáirgí mórdhíola
- Úsáidtear na huirlisí rialála atá ar fáil chun pleananna sonracha infheistíochta agus leibhéil na rioscaí gaolmhara a léiriú

**Bearta um Ghnóthachan**

- Leantar do smachta iomchuí a chur i bhfeidhm, agus na táirgí agus an phraghsáil a choimeád in áit chun iomaíocht inmharthana a dheimhniú
- Déantar éascú ar fhás leanúnach na hiomaíochta tras-ardáin
- Deimhnítear go gcuirtear síos na próisis agus an fhrámaíocht chun aistriú tráthúil chuig LCGE a chumasú. Tacóidh seo le hiomaíocht leanúnach inmharthana, rachaidh sé chun tairbhe na dtomhaltóirí agus spreagfaidh sé an nuálaíocht
- Soláthraítear méadracht shoiléir ar eochair-spriocanna gnóthachain agus/nó ar limistéir cosúil le DLÁ agus an leathanbhanda

## 7. Cuspóirí - Nuálaíocht

***Ard-Sprioc***

Do chothú na nuálaíochta sna hardáin agus sna teicneolaíochtaí atá ag fás i dtreo a chéile (coinbhéirsiú), trí imshaol tacúil intuartha rialála a chruthú a ligeann don tionscal agus na geallshealbhóirí eile cinntí, bunaithe ar eolas, a dhéanamh ar infheistíocht sa todhchaí agus ar rolladh amach agus ar imlonnú na nua-theicneolaíochtaí

### Cuspóirí

1. **Do dheimhniú an cineál rialála a bhéas fabhrach do thabhairt isteach na seirbhísí nua-ghlúine nuálaíocha coinbhéirsithe**
   ***Straitéisí***
   - Éascaítear an t-agallamh sa dá threo idir an tionscal agus na geallshealbhóirí ábhartha, cur i gcás, trí chruinnithe iltaobhacha a eagrú
   - Oibrítear le geallshealbhóirí chun frámaíocht a chruthú agus a bhainistiú a chabhróidh le tabhairt isteach gach líonra nua-ghlúine, lárnach agus rochtana, in Éirinn
   - Bailítear an t-eolas as na hagallaimh, áirítear an toradh nó an iarmhairt ar an iomaíocht agus ar thairbhe na dtomhaltóirí a d'fhéadfadh teacht as leathadh na líonraí Nua-Ghlúine, agus déantar tograí cuí maidir le polasaí a fhorbairt dá réir
   - Déantar ábhar tacaíochta a fhoilsiú go tráthúil ar láithreán gréasáin ChomReg
   - Déantar taithí a roinnt le Ballstáit eile agus déantar taighde chun an chaidrimh a fhaisnéisiú agus chun cabhrú le cinntí tráthúla a dhéanamh Bítear lán-chinnte i ndáil le leanúnachas na n-oibleagáidí rialála atá ann agus faoin aistriú chuig oibleagáidí bunaithe ar rialáil na Líonraí Nua-Ghlúine sa todhchaí
   - Deimhnítear go ndéantar forbairtí sa mhargadh, cosúil le forbairtí LCGE/R, a mheas mar chuid de phróiseas athbhreithnithe an mhargaidh

2. **Do sholáthar speictrim iomchuí don mhargadh ar bhonn tráthúil ar bhealach a spreagann agus a éascaíonn nuálaíocht sa tionscal**
   ***Straitéisí***
   - Déantar comhchomhairle agus plé le húsáideoirí an speictrim, láithreach agus ionchasach
   - Forbraítear agus foilsítear straitéis speictrim maille le táblaí náisiúnta um leithdháileadh minicíochtaí agus cuirtear an straitéis i bhfeidhm
   - Forbraítear agus foilsítear reachtaíocht agus treoirlínte tacúla
   - Éascaítear an tabhairt isteach don chraoladh digiteach i gcomhar leis na príomh-gheallshealbhóirí
   - Deimhnítear lán-chinnteacht rialála i ngach cinneadh agus teagmháil a dhéantar le geallshealbhóirí an tionscail

3. **Do chur le forbairt na hÉireann mar lárionad feabhais i dtaighde agus i bhforbairt na cumarsáide**
   ***Straitéisí***
   - Forbraítear agus déantar cothú gníomhach ar Scéim Tástála agus Trialach ChomReg chun forbairt na húsáide nuálaíche den speictream a spreagadh in imshaol teicneolaíoch sábháilte agus neodrach
   - Méadaítear ar fheasacht na Scéime i measc gníomhaireachtaí forbartha ábhartha, na hinfheisteoirí nua agus na geallshealbhóirí eile
   - Ardaítear ár gclú i gcomhair feabhais i measc na n-údarás agus na ngníomhaireachtaí rialála idirnáisiúnta

4. **Do sholáthar léargas ar fhorbairt dhealraitheach na teileachumarsáide i gcoitinne agus do dheimhniú lán-chinnteacht leanúnach na rialála**
   ***Straitéisí***
   - Cuirtear le feasacht na ngeallshealbhóirí sna limistéir ábhartha, lena n-áirítear an tslí inar féidir le teicneolaíochtaí nua cuidiú le daoine le míchumais chun seirbhísí a fháil
   - Déantar idirghníomhú le ghrúpaí éagsúla, mar a bheadh painéil de shaineolaithe, fóraim tionsclaíocha, forais taighde agus ollscoileanna
   - Úsáidtear anailís ar thorthaí na féideartha chun impleachtaí poitéinsiúla a scrúdú ar fud raon d'fhorbairtí sa chumarsáid leictreonach
   - Déantar eolas na slí chun nua-teicneolaíochtaí scoite, nó ar leith, a fhorbairt

**Bearta um Ghnóthachan**

- Tá sé de chlú ar Éirinn go bhfuil imshaol réamhghníomhach tacúil rialála againn i gcomhair cumarsáidí nua, teicneolaíochtaí, feidhmiúcháin agus seirbhísí
- Cuireann Éire lena clú mar thír atá oiriúnach chun táirgí nua, nuálaíocha a sheoladh, cur i gcás, trí an Scéim Tástála agus Trialach ChumReg
- Bheireann Éire craobh sa bharr-cheathairíl de shuirbhéanna idirnáisiúnta maidir le hoscailteacht do nuálaíocht i réimse an cumarsáide leictreonaí

## 8. Cuspóirí - Eagraíocht

| **Ard-Sprioc** |
|---|
| Do bheith inár n-eagraíocht ghairmiúil nuálaíoch agus mar ardfhoinse saineolaíochta in earnáil na cumarsáide |

### Cuspóirí

1. **Do dheimhniú na gcumhachtaí, na n-acmhainní agus scileanna ChomReg chun rialáil i margadh dinimiciúil**

   ***Straitéisí***
   - Téitear i dteagmháil leis an RCFAN agus an R/Airg lena dheimhniú go dtugtar cumhachtaí agus acmhainní do ChomReg chun rialáil éifeachtach a dhéanamh sa saol oibre atá againn
   - Déantar an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní ar mhaithe le ard-ghnóthachan leanúnach agus an luach is fearr a bhaint as airgead.

2. **Do fhorbairt polasaithe rialála agus a gcur i bhfeidhm de réir na gcaighdeán is fearr, náisiúnta agus idirnáisiúnta**

   ***Straitéisí***
   - Fágtar tionchar ar fhorbairt agus ar fheidhmiú na bpolasaithe idirnáisiúnta rialála (e.g. AE, GRE, CERPT)
   - Glactar páirt i bhfóraim idirnáisiúnta d'fhonn tionchar a fhágáil ar fhorbairt agus ar fheidhmiú na dtreoirlínte is fearr maidir le cleachtas rialála (e.g. GRE, ECFE, CERPT)
   - Fágtar tionchar ar fhorbairt agus ar fheidhmiú na bpolasaithe rialála náisiúnta in Éirinn (e.g. RRCAN, Roinn an Taoisigh)
   - Déantar páirt a ghlacadh sa bhFóram um Rialáil níos Fearr chun an rialáil is fearr a chothú in Éirinn
   - Forbraítear agus feabhsaítear comhaontuithe oibre le gníomhaireachtaí rialála ábhartha (e.g. CNT, An tÚdarás Iomaíochta)

3. **Do chothú chlú ChomReg um éifeachtacht agus saineolaíocht i measc na bpríomh-gheallshealbhóirí**

   ***Straitéisí***
   - Déantar Plean Cumarsáide onnghníomhach a chumadh agus a chur i bhfeidhm
   - Cothaítear caidreamh leanúnach den chéad scoth leis na príomh-gheallshealbhóirí
   - Leantar le páirt a ghlacadh i dtionscnaimh For-rochtana (e.g. imeachtaí; comhdhálacha)
   - Deimhnítear go ndéantar déileáil chothrom sna meáin ar shaincheisteanna maidir le rialáil chumarsáide

**4. Do fhorbairt agus do chur i bhfeidhm Clár Saindhírithe d'Fhorbairt Foirne**

***Straitéisí***

- Déantar na polasaithe um Acmhainní Daonna a ailíniú d'fhonn an fhoireann is fearr a tharraingt agus a choimeád; leanúnachas an chultúir ardghnóthachain agus atreisiú ar ár gclú mar lárionad barr feabhais
- Déantar Clár Foghlama agus Forbartha den scoth a chumadh agus a fheidhmiú
- Leantar de pholasaithe onnghníomhacha maidir le freagracht chorparáideach shóisialach, de thionscnaimh comhionannais agus éagsúlachta, agus ár n-oibleagáidí faoin Acht Míchumais 2005 a chur san áireamh

**Bearta Gnóthachain**

- Déantar gnóthachan ChomReg a thagarmharcáil i gcoinne na gcomparadóirí idirnáisiúnta is fearr, ag úsáid na gcaighdeán aitheanta seanbhunaithe
- Déantar Suirbhé ar na Príomh-Gheallshealbhóirí (le fáil amach na leibhéil iontaoibhe/measa atá ar shaineolaíocht ChomReg)
- Déantar iniúchadh ar inniúlachtaí (le fáil amach an bhfuil na hinniúlachtaí cuí ina n-áit ag ComReg)

## Aguisín A – Liosta na bhFreagróirí ar an Dréacht Ráiteas Straitéise

Cúram
Eircom
Meteor
An tÚdarás Náisiúnta um Míchumas (ÚNM)
O2
Vodafone

## Aguisín B – Liosta Giorrachán

| | |
|---|---|
| **AD** | Acmhainní Daonna (Béarla: HR) |
| **AE** | An tAontas Eorpach (EU) |
| **CAI** | An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF) |
| **CE** | An Coimisiún Eorpach (EC) |
| **CERPT** | Comhdháil Eorpach na Riarachán Poist & Teileachumarsáide (CEPT) |
| **CLS** | Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse (SLA) |
| **CNT** | Cumann Náisiúnta na dTomhaltóirí (NCA) |
| **DLÁ** | Díchuachadh na Lúibe Áitiúla (LLU) |
| **ECFE** | Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) |
| GNLA | Gníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht d'Aosaigh (NALA) |
| **GRE** | Grúpa Rialálaithe na hEorpa (ERG) |
| **GTTL** | Grúpa Treorach Thionscail Líonaí na Céad Glúine Eile (NISG) |
| **ITES** | An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) |
| **LCGE/R** | Líonraí Céad Glúine Eile/Rochtain (NGN/A) |
| **LOS** | Lár-Oifig Staidreamh (CSO) |
| **OBÁC** | Ollcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA) |
| **OCCS** | Oifig an Choimisinéara Chosanta Sonraí (ODPC) |
| **OSU** | Oibleagáid um Sheirbhís Uilíoch (USO) |
| **OTB** | Olltáirgeacht Baile (GDP) |
| **OTN** | Olltáirgeacht Náisiúnta (GNP) |
| **PGI** | Prótacal Gutha thar Idirlíon (VoIP) |
| **R/Airg** | An Roinn Airgeadais (D/Fin) |
| **Regtel** | Rialálaí ar Sheirbhísí Teileachumarsáide Ard-Ráta |
| **RP** | Ríomhaire Pearsanta (PC) |
| **RRCAN** | Roinn Fuinnimh, Cumarsáide & Acmhainní Nádúrtha (DCENR) |
| **RTEE** | Réadlann Teicneolaíochta an Eolais san Eoraip (EITO) |
| **TEC** | Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide (ICT) |
| **TPI** | Teilifís ar Phrótacal an Idirlín (IPTV) |
| **ÚCFÉ** | An tÚdarás um Chaighdeáin Fógraíochta in Éireann (ASAI) |
| **UNM** | An tÚdarás Náisiúnta um Michumas (NDA) |